**Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal de première instance francophone de Bruxelles (an Bheilg) a taisceadh an 2 Eanáir 2023 – X, Y, A, dá ndéanann X agus Y ionadaíocht dhlíthiúil, B, dá ndéanann X agus Y ionadaíocht dhlíthiúil v État belge**

**(Cás C-1/23, Afrin** [1]**)**

(2023/C 104/20)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal de première instance francophone de Bruxelles

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* X, Y, A, dá ndéanann X agus Y ionadaíocht dhlíthiúil, B, dá ndéanann X agus Y ionadaíocht dhlíthiúil

*Cosantóir:* État belge

**An cheist a tharchuirtear:**

An bhfuil an reachtaíocht de chuid Ballstáit nach gceadaíonn do bhaill teaghlaigh dídeanaí aitheanta iarratas a chur isteach ar iontráil agus cónaí ach ag post taidhleoireachta de chuid an Stáit sin, fiú i gcás ina bhfuil sé dodhéanta do na baill teaghlaigh sin taisteal chuig an bpost sin, ag luí le hAirteagal 5(1) de Threoir 2003/86/CE, [2] arna léamh, i gcás inarb iomchuí, i dteannta an chuspóra a shaothraítear leis an Treoir sin, chun athaontú teaghlaigh a chur chun cinn, Airteagail 23 agus 24 de Threoir 2011/95/AE, [3] Airteagail 7 agus 24 den Chairt um Chearta Bunúsacha [4] agus an dualgas chun éifeachtacht dhlí an Aontais a chinntiú?

---

[1] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

[2] Treoir 2003/86/CE ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir leis an gceart chun teaghlaigh a athaontú (IO 2003 L 251, lch. 12).

[3] Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin do cháilíocht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, do stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe do chosaint choimhdeach agus d'inneachar na cosanta a dheonaítear (athmhúnlú) (IO 2011 L 337, lch. 9).

[4] Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

---

**Achomharc arna thabhairt an 14 Eanáir 2023 ag Asociación Liberum agus 926 achomharcóir eile i gcoinne ordú na Cúirte Ginearálta (an Cúigiú Dlísheomra) a tugadh an 15 Samhain 2022 i gCás T-476/22, Asociación Liberum agus Páirtithe Eile v Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle**

**(Cás C-17/23 P)**

(2023/C 104/21)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Achomharcóirí:* Asociación Liberum agus 926 achomharcóir (L. M. Pardo Rodríguez agus F. Feliù Pamplona, abogados)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

— go gcuirfear ordú na Cúirte Ginearálta an 15 Samhain 2022, *Asociación Liberum agus Páirtithe Eile* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle*, T-476/22, EU:T:2022:714 ar neamhní. A mhéid a mheasann an Chúirt Bhreithiúnais go gceadófaí le staid na n-imeachtaí a leithéid a dhéanamh, go ndíbhfear an agóid do-ghlacachta, go ndearbhófar inghlacthacht an achomhairc agus go dtarchuirfear an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta chun breith a fháil ar shubstaint an cháis nó, mar mhalairt air sin, go ndearbhófar gur do chúram díreach na n-achomharcóirí é an beart atá faoi chonspóid agus go dtarchuirfear an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta chun breith a fháil ar an gcúram aonair nó an cheist sin a uamadh le substaint an cháis;